

# LUX FILM DAYS

3 SCANNÁN  
24 THEANGA  
28 dTÍR



© Les Films de Pierre

## 120 BATTEMENTS PAR MINUTE (BPM – BEATS PER MINUTE)

Scannán le Robin Campillo  
An Fhrainc




# 120 BATTEMENTS PAR MINUTE (BPM – BEATS PER MINUTE)

## SCANNÁN LE ROBIN CAMPILLO

Ag tús na 1990í sa Fhrainc, agus eipidéim SEIF ag réabadh, déanann an grúpa gníomhaithe “Act Up” idirghabháil sa saol poiblí ar bhealaí éagsúla, idir iarrachtaí chun bearta coisctheacha níos fearr a fháil ó cheannairí polaitiúla agus chun rochtain níos éasca a fháil ar tháirgí leighis atá faoi thriail, agus chun meon an phobail i gcoitinne a athrú, pobal a chreideann nach mbaileann an galar seo ach amháin “daoine imeallaithe” — homaighnéasaigh, othair a fhaigheann fuilaitrith, príosúnaigh, agus andúiligh hearóine.

Is é atá is gceist ag Robin Campillo ná portráid de ghrúpa a léiríú, bunaithe ar a thaithí féin mar ghníomhaí, cé go ndírítear go háirithe sa scannán ar phearsana ar leith agus insítear a scéalta. Aithnítear ó shaol an ghrúpa a fhonn láidir chun gníomhú, na ceisteanna a ardaíonn sé, na coimhlintí atá aige, a mhian chun an neamhshuim fhorleathan nó fiú an fhuarchúis a sháru, spleodar a chleasanna móra, agus a fhreagairt, lán de mhothúcháin, ar ghalar marfach atá ag marú daoine gar do bhaill an ghrúpa, nó á marú féin.



## SCANNÁN GNÍOMHAÍOCH?


Is scannán faoi ghrúpa gníomhaithe é *120 battements par minute*, ach is amhlaidh gur scannán gníomhaíoch é chomh maith. Breathnaítear siar ar agóid a rinne an grúpa Act Up sa Fhrainc, léirítear cé chomh bailí is a bhí an agóid sin agus, fiú más ar bhealach indíreach a léirítear é, go mbeaineann sí le hábhar i gcónaí. Mar a dúirt pearsa amháin sa scannán, níor ghrúpa — agus ní grúpa tacaíochta do dhaoine atá thíos le SEIF é Act Up agus léiríonn a ghníomhartha nach fadhb sláinte phoiblí amháin a bhí san eipidéim, ach go raibh gné pholaitiúil, eacnamaíoch agus shóisialta i gceist léi chomh maith.

Bhí sé polaitiúil sa chaoi nár thug Stát na Fraince práinn na staide reatha faoi deara ag an am agus sa chaoi gur dhiúltaigh sé bearta coisctheacha a thabhairt isteach do ghrúpaí a bhí i mbaol agus don phobal i gcoitinne, go háirithe daoine óga. Bhí sé eacnamaíoch mar thug na grúpaí cógaisíochta atá léirithe sa scannán tús áite dá leasa airgeadais féin le hais cúram na ndaoine tinne. Bhí sé sóisialta mar d’amharc an tsochaí go fuarchúiseach ar bhás na ndaoine óga, daoine nach raibh rud mícheart déanta acu ach gur bhain siad le grúpaí mionlacha nó grúpaí a raibh dímhneas orthu.

Baineann ábharthacht an scannáin sa lá atá inniu ann leis na ceisteanna a chuirtear ann, maidir leis an ngá atá ann d’othair dul i ngleic leis an ngalar iad féin, maidir le gné pholaitiúil a bheith ag aon bheart i dtaca le sláinte phoiblí, maidir leis an deacracht a bhaineann le meon an phobail a athrú i leith eipidéime agus tubaistí.

## ATHCHRUTHÚ

Níl an scannán teoranta don ghné gníomhaíoch sin, áfach. Is athchruthú a théann níos faide ná gné na fairsnéise é agus cuireann sé ar chumas an scannánóra malartú go leanúnach idir an fhírinne chomhchoiteann agus fírinne an duine aonair, idir an fhírinne phoiblí agus an fhírinne phríobháideach, agus idir an gníomhaíochas agus mothúcháin phearsanta. I mbealach an-soiléir ar leibhéal an scéil, forbraíonn cúrsaí sa scannán ó phorthráid de ghrúpa go caidreamh dáiríre agus paiseanta idir beirt phearsana, Sean agus Nathan, a bhfuil VEID ar dhuine amháin acu agus nach bhfuil ar an duine eile. Athraíonn atmaisféar an scannáin de réir a chéile, ón tús, ina léirítear iarrachtaí spleodracha agus mothúcháin láidre an leannáin a thugann aghaidh ar an ngalar agus ar deireadh, éiríonn sé an-tréan mar tá an bás mórthimpeall ar gach aon rud an t-am ar fad.





© Céline Nieszawer

Tugann léiriú na cineamatagrafaíochta deiseanna éagsúla chun malartú ar an mbealach seo, trí phróisis eagarthóireachta agus stáitsithe a thugann fud fad an scannáin, braistint láidir d'athrú. Cé go gcruthaíonn an phictiúrlann mothúchán de bheith i láthair go díreach ag na heachtraí a léirítear sa scannán, méadaíonn an stiúrthóir éifeachtaí chun an lucht féachana a tharraingt siar ó na híomhánna a thaispeántar, bíodh sin trí úsáid an fhuaimriain, agus úsáid an cheoil go háirithe, nó trí na heachtraí céanna a thaispeáint ó dhéireadh eile, nó trí mhoillithe nó athruithe rithime nach bhfuiltear ag súil leo.

## ATHRÚ AMA

Feictear go n-úsáidtear iardhearcaí (nó athruithe beaga sa chroineolaíocht) nach dtugtar mórán aird orthu an chéad uair a mbreathnaítear ar an scannán toisc go bhfuil siad chomh nádúrtha sin. Mar shampla, ag tús an scannáin tumtar sinn i lár na n-eachtraí, agus na hagóidithe ag ullmhú chun cur as do chomhdháil oifigiúil maidir le SEIF. Tá an ceamara suite leis an ngrúpa ag leibhéal na gualainne agus ní fheiceann an lucht féachana ach cuid an-bheag den radharc ón gcúl. Sa chéad radharc eile, taispeántar an comhrá i ndiaidh an ghnímh, ina bhfuil easaontas idir na gníomhaithe faoi cad is ceart dóibh a dhéanamh toisc gur clúdaíodh urlabhraí na comhdhála le fuil (bhréagach) agus gur cuireadh glais lámh air ar feadh seal gairid. Tugann an montáis deis dúinn an radharc seo a fheiceáil i seat leathan ón halla. Shílfeá go bhfuil an próiseas scannánaíochta soiléir ach déanann teicnící athsheinm an lucht féachana (agus na hagóidithe) a neamhcheangal, agus ceadaíonn an neamhcheangailteacht sin díospóireacht agus machnamh.



© Céline Nieszawer

Ní neamhcheangailteacht intleachtúil atá i gceist go hiondúil, agus d'fhéadfadh tionchar an-chorraitheach teacht uaithe. I ndiaidh na n-eachtraí ag saotharlanna Melton Pharm, leanaimid an grúpa i gcarraíste meitreo agus iad ag lígean a scith i ndiaidh an méid a tharla (tugadh na hagóidithe chuig stáisiúin na bPóilíní do roinnt uaireanta an chloig). Déanann Sean cur síos an-fhíleata, ag an bpoinne sin, ar áilleacht na spéire agus an ghrian ag gabháil ina luí mar seo a leanas: "Tá amanna ann i mo shaol ina dtugaim faoi deara an méid a d'athraigh SEIF mo shaol" agus ansin pléascann sé amach ag gáire agus déanann gach duine mar an gcéanna. Ní scríosann an



© Les Films de Pierre

gáire sin an mothúchán taobh thiar de na focail atá díreach ráite aige, focail a dúirt sé chun an teannas a mhaolú do na daoine eile.

Is é an malartú leanúnach sin idir réimse próbháideach agus poiblí, idir gníomhú agus na mothúcháin phearsanta, idir an t-am i láthair, an t-am atá caite agus todhchaí a bhfuil éiginnteacht uafásach ag baint léi a cheadaíonn an scannánaíocht a bheith ann an t-am ar fad. Mar shampla, nasctar radharc álainn na hagóide san am i láthair leis an bhfionn atá ar an bpearsa todhchaí a bheith aige agus leis an dúlagar a úsáideann an scannánóir chun breathnú siar chuig nóiméad atá caite agus cailte: glacann Nathan páirt i mórshiúl ar son Bhród na nAerach le Sean atá gléasta mar ghárthóir molta ach baintear tuisle as agus titeann sé ar a ghlúine agus díríonn a radharc (agus radharc an cheamara chomh maith) ar phársa talún a deir leis "ba mhaith liom go mairfeá!" Úsáideadh mallghluaiseacht agus an eachtra sin á taifead, agus éiríonn an fuaimrian plúchta, chun nach gcloistear aon torann ná an ceol sa chúlra de réir a chéile. Díríonn an ceamara ar Sean agus é ag damhsa, agus ar aghaidh Nathan agus meangadh gáire air. Téann na focail ón bpársa talún i bhfeidhm ar Nathan go pearsanta, mar tá fonn air go mairfeadh a pháirtí, ach seasann an mhallghluaiseacht ar nóiméad ar leith agus tuigtear gurb é atá ann ná an chuimhne mar atá sé i gcloigeann an phearsa (agus i gcloigeann an scannánóra). Tá gluaiseacht an-nádúrtha ag an tsraitheog, agus tugann sí sin imprisean measctha agus an-chúramach ina ndéantar gliondar an nóiméid láithrigh a mheascadh le dúlagar ón am atá thart.

## RITHIM

Is é *120 battements par minute* teideal an scannáin, tagairt dhíreach do bhuille croí ró-thapa a bheith ag duine. Agus is é an chéad imprisean a fhaightear ón scannán sin, a mhaireann níos faide ná dhá uair an chloig, ná an rithim fhuinniúil atá ag gníomhartha Act Up, a thiteann amach an-tapa i ndiaidh a chéile, mar an gcéanna leis an gcaoi ina bhfeictear na hagóidithe agus iad ag siúl faoi dheifir chun fáil isteach in oifigí Melton Pharm, áit ina scairdeann siad fuil bhréagach ar na ballaí taobh istigh de chúpla soicind. Tá ciall leis an léiriú sin, taispeánann an scannánóir gnéithe éagsúla de ghníomhaíochtaí Act Up trí mhontáis fheiliúnach a bhfuil na rudaí seo a leanas le feiceáil inti: gníomhartha gníomhaíocha, tionóil agus cruinnithe faisnéisithe, obair na gcoistí, mínithe eolaíocha maidir le cógais leighis a d'fhéadfaí a úsáid chun dul i ngleic leis an ngalar, óráidí ag institiúidí oideachais nó cairdimh phearsanta, bidís idir cairde nó leanáin nó coimhlint idir na pearsana. Cloíonn an scannán leis an bprionsabal céanna atá mar nós ag na cruinnithe a thaispeántar, nach dtugtar bualadh bos d'óráid iontu — déantar tacaíocht a thaispeáint trí smeach a bhaint as méara — chun nach mairfeadh na cruinnithe ró-fhada: is i staid éigeandála atá an scannán mar aon leis na daoine atá ag troid in aghaidh na heipidéime.

Ach ní léiriú iomlán é sin, agus oibríonn Robin Campillo i mbealach éifeachtach ar na hathruithe rithime sin, agus, má tá an chosúlacht ann go ngluaiseann an scannán ag an luas céanna le ceol i gclub oíche, áit ina mbíonn daoine ag damhsa go maidin, leanann sé air sa radharc céanna i dtreo amhrán i bhfad níos brónaí, téamamhrán an scannáin.

Ar an gcaoi chéanna, má tá an chosúlacht ann go bhfuil an ceamara ag gluaiseacht ar fud na háite chun gníomhartha na n-agóidithe a leanúint, éiríonn sé as a bheith ag gluaiseacht cúpla uair, bíodh sin chun laethanta saoire Sean agus Nathan ar thrá iargúlta i seat leathan a thaispeáint, nó chun na céadta corp de léirsitheoirí atá ina gcodladh sna sráideanna i bPáras mar shiombail ollsriosta na heipidéime a thaispeáint, nó fiú chun bás Sean a léiriú go litriúil, bás aonair a bhfuil an-tionchar aige orainn, an lucht féachana, mar aon le Nathan, ach chomh maith leis sin is bás comhchoiteann é a dtaispeánfar a bhrí pholaitiúil le gníomh amháin eile de chuid Act Up.

Go cinnte, luíonn neart an scannáin seo sa chaoi go gcuirtear an rud comhchoiteann agus an rud aonair le hais a chéile, agus go nasctar an rud is príobháidí leis an rud is polaitiúla.





## ÁBHAR MACHNAIMH

I dteannta na bpointí analíse thuasluaite, is fiú plé breise a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla eile den scannán *120 battements par minute*.

- Gan amhras, is scannán cuimhneacháin é *120 battements par minute* ar chomhrac a bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil sé thart sa lá atá inniu ann. Ach cad iad na rudaí is féidir a fhoghlaim ón scannán sa lá atá inniu ann agus ó fheachtas Act Up, grúpa atá fós gníomhach?
- Cad é do bharúil faoi ghníomhartha Act Up? An raibh aon ghá leo? An raibh siad foréigneach? An raibh siad mórthaibhseach? Ar baineadh míbhri astu? An raibh siad riachtanach? An dtuigeann tú na díospóireachtaí a thug spreagadh do na gníomhaithe agus atá le feiceáil sa scannán?
- I do thuairim, an mbaineann an comhrac in aghaidh SEIF (agus galair eile chomh maith) amháin leo siúd a bhfuil an galar sin orthu cheana féin? Conas is ceart an comhrac seo a mheas ní hamháin mar chomhrac comhchoiteann ach mar chomhrac do chách?

## SCANNÁNAÍOCHT EORPACH D'EORPAIGH

I ndiaidh chomórtas na bliana seo caite, arbh é ceiliúradh 10 mbliana an tionscnaimh é, tá duais LUX fós ag tabhairt seánraí agus guthanna éagsúla le chéile trí mheán scannáin arna ndéanamh ag stiúrthóirí tréitheacha na hEorpa. Is mór ag Parlaimint na hEorpa na trí scannán atá san iomaíocht do LUX FILM PRIZE 2017 <sup>(1)</sup> a chur i láthair:

**120 BATTEMENTS PAR MINUTE** (*BPM – Beats per Minute*),  
scannán le Robin Campillo, An Fhrainc

**SAMEBLOD** (*Sami Blood*), scannán le Amanda Kernell, an tSualainn,  
an Iorua, An Danmhairg

**WESTERN**, scannán le Valeska Grisebach, An Ghearmáin, An Bhulgáir, An Ostair

Tugann na scannáin aghaidh ar ábhair reatha, ar bhealach croíúil, cliste agus tugann siad léiriú ar a bhfuil os comhair na hEorpa i láthair na huaire. Léiríonn siad carachtair a osclaíonn a súile ar an domhan mórthimpeall orthu chun tuiscint a fháil ar an saol mar atá i ndáiríre, agus ar an tsochaí agus an pobal lena mbaineann siad. Cuireann mothúcháin na scannánaíochta lenár scéalta agus mar sin léirítear caighdeán agus éagsúlacht na scannánaíochta Eorpaí, chomh maith lena ról tábhachtach maidir le luachanna na sochaí agus pobail chultúrtha a chur chun cinn. Tugaimid cuireadh duit na scannáin a fheiceáil ag an 6ú heagrán de LUX FILM DAYS <sup>(2)</sup>.

## LUX FILM PRIZE

Tá ról bunúsach ag an gcultúr sa chaoi ina gcruthaítear ár sochaí.

Ar an ábhar sin, chuir Parlaimint na hEorpa tús le LUX FILM PRIZE in 2007. Leis seo tá súil ag an bParlaimint cur leis an méadú ar dháileadh scannán Eorpach ar fud na hEorpa agus díospóireacht Eorpach a spreagadh maidir le mórcheisteanna na sochaí.

Is tionscnamh eisceachtúil é LUX FILM PRIZE. Ós rud é nach mbíonn an chuid is mó de na comhléiriúcháin Eorpacha le feiceáil ach amháin sa tír ina ndearnadh an scannán agus gur fíorannamh a dháiltear in aon áit eile iad, fiú amháin laistigh de AE, is deis neamhchoitianta atá in LUX FILM PRIZE chun fotheidil 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh a chur ar thrí scannán Eorpacha.

Déanfaidh Feisirí Pharlaimint na hEorpa vóta a chaitheamh chun buaiteoir LUX FILM PRIZE a roghnú agus an 15 Samhain 2017 fógrófar cé acu scannán a thug an chraobh leis.

## LUX FILM DAYS

D'eascair LUX FILM DAYS as LUX FILM PRIZE chomh maith. Ó 2012 i leith, cuirtear na trí scannán atá san iomaíocht do LUX FILM PRIZE i láthair don phobal Eorpach is mó le linn LUX FILM DAYS.

Is deis iad LUX FILM DAYS chun páirt a ghlacadh in ócáid chultúrtha gan teorainn nach ndéanfar dearmad uirthi. Ó mhí Dheireadh Fómhair go Nollaig, féadfaidh tú teacht le chéile le daoine eile as gach cearn den Eoraip a bhfuil dúil acu sa scannánaíocht trí fhéachaint ar na trí scannán i gceann de 24 theanga oifigiúla AE. Ná dearmad vóta a chaitheamh don scannán is fearr leat ar ár suíomh gréasáin luxprize.eu nó ar ár leathanach Facebook.

## AN tAITHEANTAS POBAIL

Is é an tAitheantas Pobail an gradam a dhámhann an lucht féachana in LUX FILM PRIZE. Ná dearmad vóta a chaitheamh do cheann de na trí scannán roimh an 31 Eanáir 2018! B'fhéidir go mbeadh seans agat freastal ar fhéile idirnáisiúnta scannánaíochta Karlovy Vary i mí Iúil 2018 — le cuireadh ó Parlaimint na hEorpa — agus teideal an scannáin a gheobhaidh an t-aitheantas pobail a fhógairt.

<sup>(1)</sup> DUAIS  
SCANNÁNAÍOCHTA  
LUX  
<sup>(2)</sup> LAETHANTA  
SCANNÁIN LUX

FÉACH,  
PLÉIGH  
& VÓTÁIL



@luxprize



#luxprize

LUX  
PRIZE  
.EU

**STIÚRTHÓIR:** Robin Campillo

**SCRIPT SCANNÁIN:** Robin Campillo

**ROGHNÚ AISTEOIRÍ:** Nahuel Pérez Biscayart,  
Arnaud Valois, Adèle Haenel, Antoine Reinartz

**STIÚRTHÓIR FÓTAGRAFAÍOCHTA:**

Jeanne Lapoirie

**LÉIRITHEOIRÍ:** Hugues Charbonneau,  
Marie-Ange Luciani

**LÉIRIÚCHÁN:** Les Films de Pierre,  
France 3 Cinéma, Page 114,  
Memento Films Production, FD Production

**BLIAIN:** 2017

**FAD:** 144'

**SEÁNRA:** Ficsean

**TÍR:** An Fhrainc

**BUNLEAGAN:** Fraincis

**DÁILITHEOIR(Í):** Curzon Film World Limited

Arna chríochnú i Lúnasa 2017





SILENCE = 100%